2025/2199

28.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2199 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 agus (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí is féidir a allmhairiú faoi tharaifchuótaí áirithe tar éis an leasaithe ar an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 16(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraifchuótaí ar allmhairí agus onnmhairí le haghaidh táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus chuige sin déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos na rialacha maidir le riar taraifchuótaí ar allmhairí bunaithe ar ord cróineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce').

(3) Sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile ([5]) ('an Comhaontú Comhlachais'), leagtar amach, faoin Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, taraifchuótaí áirithe le haghaidh táirgí ón Úcráin a allmhairítear isteach san Aontas. Le Rialachán (AE) 2024/1392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), leagadh síos bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lenar forlíonadh lamháltais trádála le haghaidh tháirgí na hÚcráine. Leis an Rialachán sin, cuireadh ar fionraí na taraifchuótaí uile a bunaíodh faoi Iarscríbhinn I-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais go dtí an 5 Meitheamh 2025. Tar éis an dáta sin, d'fhill an trádáil idir an tAontas agus an Úcráin ar na rialacha maidir le taraifí a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1132 ón gCoimisiún ([7]), leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 dá réir sin le haghaidh na tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.
([2]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/510/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraifchuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraifchuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).
([5]) An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L 161, 29.5.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2014/295/oj).
([6]) Rialachán (AE) 2024/1392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L, 2024/1392, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1392/oj).
([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1132 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí le haghaidh táirgí de thionscnamh na hÚcráine in 2025 (IO L, 2025/1132, 5.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1132/oj).

(4) Le Cinneadh Uimh. 3/2025 ó Choiste Comhlachais AE-an Úcráin i gCumraíocht Trádála an 14 Deireadh Fómhair 2025 maidir le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú de bhun Airteagal 29(4) den Chomhaontú Comhlachais ('an Cinneadh') ([8]), leasaítear an Comhaontú Comhlachais trí roinnt taraifchuótaí a thagann faoi raon feidhme an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála a mhodhnú. Go háirithe, leis an gCinneadh sin, méadaítear cainníochtaí na dtáirgí atá le hallmhairiú ón Úcráin faoi tharaifchuótaí áirithe. Leis an gCinneadh sin, athraítear freisin an cumhdach táirgí le haghaidh taraifchuótaí áirithe. Déanann sé allmhairí roinnt táirgí ón Úcráin a léirscaoileadh freisin, rud a fhágann go scriostar taraifchuótaí áirithe. Ar deireadh, cruthaítear leis taraifchuóta nua le haghaidh plúir.

(5) Tá feidhm ag an gCinneadh ón 29 Deireadh Fómhair 2025 ar aghaidh.

(6) Baineann na modhnuithe a tugadh isteach leis an gCinneadh leis na taraifchuótaí a leagadh síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 agus a cumhdaíodh freisin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1132. Mar sin féin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1132, ní leagtar síos taraifchuóta le haghaidh plúir. Dá bhrí sin, ní mór taraifchuóta nua le haghaidh plúir 09.6733 a leagan síos. Dá bhrí sin, ba cheart na modhnuithe sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988.

(7) Tugtar isteach leis an gCinneadh freisin modhnuithe ar tharaifchuótaí dar sraithuimhreacha 09.6734, 09.6735, 09.6736, 09.6738, 09.6739, 09.6747, 09.6755, 09.6756, 09.6757 agus 09.6758, atá i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1132 a riartar go sealadach in ord croineolaíoch, ar bhonn an dáta a ghlactar le dearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, go dtí an 31 Nollaig 2025. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, fillfidh na taraifchuótaí sin ar an mbainistiú trí cheadúnais i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus na sraithuimhreacha 09.4306, 09.4307, 09.4308, 09.4600, 09.4601, 09.4602, 09.4275, 09.4276, 09.4273 agus 09.4274 a ghabhann leo. Dá bhrí sin, na modhnuithe ar na taraifchuótaí sin a tugadh isteach leis an gCinneadh, ba cheart iad a léiriú in Iarscríbhinní I, II, IX, XI agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 agus (AE) 2020/761 a leasú dá réir sin.

(9) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe chun na modhnuithe a tugadh isteach leis an gCinneadh a chur chun feidhme go tráthúil.

(10) Chun comhréireacht leis an gComhaontú Comhlachais arna leasú leis an gCinneadh a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagail 1 agus 3 den Rialachán seo ón dáta céanna leis an gCinneadh sin.

(11) Ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 maidir le an tréimhse taraifchuótaí dar tús an 1 Eanáir 2026.

(12) Ós rud é go bhfuil feidhm ag leasuithe áirithe a dhéantar leis an Rialachán seo maidir le tréimhsí taraifchuótaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 atá fós ar siúl ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, is iomchuí foráil idirthréimhseach a shocrú maidir leis na cainníochtaí arna leithdháileadh idir an 6 Meitheamh 2025 agus dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

([8]) Cinneadh Uimh. 3/2025 ó Choiste Comhlachais AE-an Úcráin i gCumraíocht Trádála an 14 Deireadh Fómhair 2025 maidir le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú de bhun Airteagal 29(4) den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L, 2025/2130, 20.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2130/oj).

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IX, XI agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Forálacha idirthréimhseacha

Is í an chainníocht a bheidh ar fáil don chuid eile den tréimhse taraifchuótaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 atá fós ar siúl ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo an difríocht idir an chainníocht nua, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus na cainníochtaí a leithdháileadh cheana idir an 6 Meitheamh 2025 agus dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Más rud é, ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, gur tosaíodh an tréimhse taraifchuótaí ábhartha faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 cheana agus go bhfuil an chainníocht a bhí ar fáil roimhe ídithe, leithdháilfear an difríocht idir an chainníocht nua mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus an chainníocht roimhe ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar aghaidh.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 29 Deireadh Fómhair 2025.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na ngránach' mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6703:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 7 700 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 7 700 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6707:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 33 200 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 33 200 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6708:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 17 500 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 17 500 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6709:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 24 400 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 24 400 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6711:

'**Sraithuimhir**	**09.6711**
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle ('an Comhaontú')
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Bran, géara agus iarmhair eile, bídís i bhfoirm millíní nó ná bídís, a fhaightear ó ghránaigh a chriathrú, a mhuilleáil nó a phróiseáil ar bhealach eile: 2302 10 90 2302 30 90 2302 40 90 Iarmhair ó mhonarú stáirse ó arbhar Indiach (seachas licéir thiubhaithe atá curtha ar maos), a bhfuil cion próitéine iontu, arna ríomh ar an táirge tirim, ar mó ná 40 % de réir meáchain é: 2303 10 11
Cóid TARIC	---
Tionscnamh	An Úcráin

Cainníocht	85 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de 85 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith
Tréimhse taraifchuótaí	1 Eanáir go 31 Nollaig
Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar’

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6719:

‘**Sraithuimhir**	**09.6719**
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle (‘an Comhaontú’)
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Iógart ina bhfuil 70 % nó níos mó siúcrós (lena n-áirítear siúcra inbhéartaithe arna shloinneadh mar shiúcrós) nó iseaglúcós de réir meáchain arna shloinneadh mar shiúcrós: 0403 20 49 36 Milseogra siúcra eile, nach bhfuil cócó iontu, a bhfuil 70 % nó níos mó de shiúcrós iontu de réir meáchain: ex 1704 90 99 (i gcás cion siúcra ≥ 70 %) (féach cóid TARIC) Púdar cócó a bhfuil 65 % nó níos mó de shiúcrós nó d’iseaglúcós arna shloinneadh mar shiúcrós ann de réir meáchain 1806 10 30 1806 10 90 Ullmhóidí eile i mbloic, i leaca, nó i mbarraí ina bhfuil meáchan is mó ná 2 kg nó i bhfoirm leachta, púdair, ghráinneach nó i mbulc eile i gcoimeádáin nó i gcéadphacáistithe ina bhfuil cion is mó ná 2 kg, ina bhfuil níos lú ná 18 % d’im cócó de réir meáchain agus 70 % nó níos mó de shiúcrós de réir meáchain: ex 1806 20 95 (i gcás cion siúcra ≥ 70 %) (féach cóid TARIC) Ullmhóidí de bhunús caife, tae nó maité: 2101 12 98 2101 20 98 Síoróipí iseaglúcóis, glúcóis, maltaideistrine agus siúcra, iad blaistithe nó daite 2106 90 30 2106 90 55 2106 90 59 Meascáin de shubstaintí cumhra agus meascáin de bhunús ceann amháin nó níos mó de na substaintí sin, de chineál a úsáidtear i dtionscail na ndeochanna, ina bhfuil gach oibreán blaistithe atá ina shaintréith de dheoch, le neart alcóil iarbhír de réir toirte nach mó ná 0,5 %: 3302 10 29

Cóid TARIC	0403 20 49 36 1704 90 99 91 1704 90 99 99 1806 20 95 92 1806 20 95 99
Tionscnamh	An Úcráin
Cainníocht	glanmheáchan 7 500 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 7 500 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith
Tréimhse taraifchuótaí	1 Eanáir go 31 Nollaig
Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar’

(g) cuirtear na táblaí seo a leanas in ionad na dtáblaí a bhaineann leis na taraifchuótaí dar sraithuimhreacha 09.6734, 09.6735 agus 09.6736:

‘**Sraithuimhir**	**09.6734** Infheidhme ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 agus le linn na tréimhse sin amháin
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle (‘an Comhaontú’)
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Speilt, cruithneacht bhog agus maislín, seachas síolta Piocuaran agus min cruithneachta boige agus speilte Millíní cruithneachta 1001 99 00 1103 11 90 1103 20 60
Cóid TARIC	---
Tionscnamh	An Úcráin
Cainníocht	7/12 de 1 300 000 000 kg
Tréimhse taraifchuótaí	6 Meitheamh go 31 Nollaig 2025
Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0

Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar

Sraithuimhir	**09.6735** Infheidhme ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 agus le linn na tréimhse sin amháin
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle ('an Comhaontú')
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Eorna, seachas síolta Millíní eorna 1003 90 00, ex 1103 20 25
Cóid TARIC	---
Tionscnamh	An Úcráin
Cainníocht	7/12 de 450 000 000 kg
Tréimhse taraifchuótaí	6 Meitheamh go 31 Nollaig 2025
Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar

Sraithuimhir	**09.6736** Infheidhme ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 agus le linn na tréimhse sin amháin
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle ('an Comhaontú')
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Arbhar Indiach seachas síolta Piocuaran agus min arbhair Indiaigh Millíní arbhair Indiaigh Gráin oibrithe arbhair Indiaigh 1005 90 00 1103 13 10 1103 13 90 1103 20 40 1104 23 40 1104 23 98
Cóid TARIC	---

Tionscnamh	An Úcráin
Cainníocht	7/12 de 1 000 000 000 kg
Tréimhse taraifchuótaí	6 Meitheamh go 31 Nollaig 2025
Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar’

(h) cuirtear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6733 isteach:

‘**Sraithuimhir**	**09.6733** Infheidhme ón 29 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2025 agus le linn na tréimhse sin amháin
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle (‘an Comhaontú’)
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Plúr cruithneachta boige, maislín, speilte, arbhair Indiaigh, eorna agus eile 1101 00 15 1101 00 90 1102 20 10 1102 20 90 1102 90 10 1102 90 90
Cóid TARIC	---
Tionscnamh	An Úcráin
Cainníocht	7/12 de 30 000 000 kg
Tréimhse taraifchuótaí	29 Deireadh Fómhair go 31 Nollaig 2025
Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar’

(2) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne' mar a leanas:

(a) cuirtear na táblaí seo a leanas in ionad na dtáblaí a bhaineann leis na taraifchuótaí dar sraithuimhreacha 09.6738 agus 09.6739:

'**Sraithuimhir**	**09.6738** Infheidhme ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 agus le linn na tréimhse sin amháin
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle ('an Comhaontú')
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Bainne agus bainne comhdhlúite 0401 10 0401 20 0401 40 0401 50 0402 91 0402 99
Cóid TARIC	---
Tionscnamh	An Úcráin
Cainníocht	7/12 de 15 000 000 kg
Tréimhse taraifchuótaí	6 Meitheamh go 31 Nollaig 2025
Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar

Sraithuimhir	**09.6739** Infheidhme ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 agus le linn na tréimhse sin amháin
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle ('an Comhaontú')
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Bainne bearrtha agus uachtar, i bhfoirm púdair, gráinníní nó i bhfoirmeacha soladacha eile 0402 10
Cóid TARIC	---
Tionscnamh	An Úcráin
Cainníocht	7/12 de 15 400 000 kg
Tréimhse taraifchuótaí	6 Meitheamh go 31 Nollaig 2025

Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6747:

'**Cainníocht**	7/12 de 7 000 000 kg'

(3) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na n-uibheacha' mar a leanas:

(a) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6755 mar a leanas:

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht':

'**Cainníocht**	7/12 de 9 000 000 kg (arna shloinneadh i gcoibhéis na huibhe sa bhlaosc (fachtóirí coinbhéartachta de réir na rátaí toraidh a shocraítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo))'

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Fothréimhsí taraifchuótaí':

'**Fothréimhsí taraifchuótaí**	Ní bhaineann le hábhar'

(b) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6756 mar a leanas:

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht':

'**Cainníocht**	7/12 de 9 000 000 kg (glanmheáchan)'

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Fothréimhsí taraifchuótaí':

'**Fothréimhsí taraifchuótaí**	Ní bhaineann le hábhar'

(4) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na n-uibheacha' mar a leanas:

(a) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6757 mar a leanas:

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht':

'**Cainníocht**	7/12 de 93 350 000 kg (glanmheáchan)'

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Fothréimhsí taraifchuótaí':

'**Fothréimhsí taraifchuótaí**	Ní bhaineann le hábhar'

(b) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6758 mar a leanas:

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht':

'**Cainníocht**	7/12 de 26 650 000 kg (glanmheáchan)'

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Fothréimhsí taraifchuótaí':

'**Fothréimhsí taraifchuótaí**	Ní bhaineann le hábhar'

(5) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na dtáirgí beachaireachta' mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6701:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 35 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 35 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(6) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí' mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6702:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 750 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 750 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(7) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na n-uibheacha' mar a leanas:

leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6704 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Tuairisc ar an táirge agus cóid AC':

'**Tuairisc ar an táirge agus cóid AC**	Siúcra amh biatais nach bhfuil ábhar blaistithe ná dathúcháin curtha leis: 1701 12 Siúcra eile seachas siúcra amh: 1701 91, 1701 99'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht':

'**Cainníocht**	glanmheáchan 100 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 100 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(8) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na ngránach agus an tsiúcra' mar a leanas:

(a) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6705 mar a leanas:

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Tuairisc ar an táirge agus cóid AC':

'**Tuairisc ar an táirge agus cóid AC**	Siúcra mailpe i bhfoirm sholadach, a bhfuil ábhar blaistithe nó dathúcháin curtha leis: 1702 20 10 Glúcós agus síoróip glúcóis, nach bhfuil fruchtós iontu nó ina bhfuil níos lú ná 50 % fruchtós de réir meáchain ina riocht tirim, seachas siúcra inbhéartaithe: 1702 30 1702 40 Fruchtós, é íon go ceimiceach: 1702 50 00 fruchtós agus síoróip fruchtóis eile, ina bhfuil níos mó ná 50 % fruchtós de réir meáchain ina riocht tirim, gan siúcra inbhéartaithe a áireamh: 1702 60 Maltós, é íon ó go ceimiceach: 1702 90 10 Iseaglúcós i bhfoirm sholadach, a bhfuil 50 % d'fhruchtós ann de réir meáchain ina riocht tirim: 1702 90 30 Maltaideistrin i bhfoirm sholadach, a bhfuil 50 % d'fhruchtós inti de réir meáchain ina riocht tirim: 1702 90 50 Caramal: 1702 90 71 7029 07 5 1702 90 79 Síoróip ionúiline: 1702 90 80 Siúcraí eile, lena n-áirítear siúcra inbhéartaithe agus siúcra eile agus cumaisc síoróipe siúcra ina bhfuil 50 % fruchtós de réir meáchain ina riocht tirim: 1702 90 95'

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht':

'**Cainníocht**	glanmheáchan 30 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 30 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(b) scriostar an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6706;

(9) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte' mar a leanas:

(a) scriostar na táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí dar sraithuimhreacha 09.6712 agus 09.6713;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6714:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 25 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 25 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(10) sa roinn faoin gceannteideal, leasaítear 'Taraifchuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus an fhíona phróiseáilte' mar a leanas:
cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6715:

'**Sraithuimhir**	**09.6715**
Bunús dlí sonrach	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle ('an Comhaontú')
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Sú úll: 2009 71, 2009 79
Cóid TARIC	---
Tionscnamh	An Úcráin
Cainníocht	glanmheáchan 30 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 30 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith
Tréimhse taraifchuótaí	1 Eanáir go 31 Nollaig
Fothréimhsí taraifchuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar'

(11) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne' mar a leanas:

(a) scriostar an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6716;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6717:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 375 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 375 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(12) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na ngránach agus na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte' mar a leanas:
cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6718:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 2 250 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 2 250 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(13) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil an alcóil eitile de thionscnamh talmhaíochta' mar a leanas:
cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6723:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 125 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 125 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(14) leasaítear an roinn faoin gceannteideal 'Taraifchuótaí in earnáil na dtáirgí talmhaíochta próiseáilte a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 510/2014' mar a leanas:

(a) scriostar na táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí dar sraithuimhreacha 09.6710, 09.6721 agus 09.6722;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6720:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 3 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 3 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6725:

'**Cainníocht**	glanmheáchan 150 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 150 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

(d) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.6726 mar a leanas:

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Tuairisc ar an táirge agus cóid AC':

'**Tuairisc ar an táirge agus cóid AC**	Deistriní agus stáirsí modhnaithe eile (seachas stáirsí eistearaithe nó éitearaithe): 3505 10 10 3505 10 90 Gliúnna ina bhfuil, de réir meáchain, cion 25 % nó níos mó de stáirsí nó de dheistriní nó de stáirsí modhnaithe eile: 3505 20 30 3505 20 50 3505 20 90 Oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimeanna chun dlús a chur leis an ruaimniú nó le daingniú na ruaimeachán agus táirgí eile agus ullmhóidí eile (mar shampla, cóirithe agus buanaitheoirí), de chineál a úsáidtear sa tionscal teicstíle, páipéir nó leathair nó i dtionscail chomhchosúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile, de bhunús substaintí amaláiseacha: 3809 10 10 3809 10 30 3809 10 50 3809 10 90'

(bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Cainníocht':

'**Cainníocht**	glanmheáchan 8 000 000 kg Cé is moite den tréimhse ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025 arb é 7/12 de ghlanmheáchan 8 000 000 kg an chainníocht atá le cur i bhfeidhm ina leith'

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IX, XI agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, tar éis an ró a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4122, cuirtear an ró seo a leanas isteach:

"09.4309	Gránaigh	Allmhairiúchán	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl"

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4306, cuirtear na rónna seo a leanas in ionad na rónna "Tuairisc ar an táirge", "Cainníocht ina cileagraim" agus "Cóid AC":

"**Tuairisc ar an táirge**	Speilt, cruithneacht bhog agus maislín, seachas síolta Piocuaran agus min cruithneachta boige agus speilte Millíní cruithneachta

Cainníocht ina cileagraim	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 1 300 000 000 kg

Cóid AC	1001 99 00 1103 11 90 1103 20 60"

(b) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4307, cuirtear na rónna seo a leanas in ionad na rónna "Tuairisc ar an táirge", "Cainníocht ina cileagraim" agus "Cóid AC":

"**Tuairisc ar an táirge**	Eorna, seachas síolta Millíní eorna

Cainníocht ina cileagraim	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 450 000 000 kg

Cóid AC	1003 90 00, ex 1103 20 25"

(c) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4308, cuirtear na rónna seo a leanas in ionad na rónna "Tuairisc ar an táirge", "Cainníocht ina cileagraim" agus "Cóid AC":

"**Tuairisc ar an táirge**	Arbhar Indiach seachas síolta Piocuaran agus min arbhair Indiaigh Millíní arbhair Indiaigh Gráin oibrithe arbhair Indiaigh

Cainníocht ina cileagraim	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 1 000 000 000 kg

Cóid AC	1005 90 00 1103 13 10 1103 13 90 1103 20 40 1104 23 40 1104 23 98”

(d) cuirtear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4309 isteach:

“**Sraithuimhir**	**09.4309**
Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile	Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a tugadh i gcrích le Cinneadh 2014/668/AE ón gComhairle)
Tréimhse taraifchuótaí	1 Eanáir go 31 Nollaig
Fothréimhsí taraifchuótaí	Níl
Iarratas ar cheadúnas	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
Tuairisc ar an táirge	Plúr cruithneachta boige, maislín, speilte, arbhair Indiaigh, eorna agus eile
Tionscnamh	An Úcráin
Cruthúnas tionscnaimh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint	Níl
Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht	I gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear i bPrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú
Cainníocht ina cileagraim	30 000 000 kg
Cóid AC	1101 00 15 1101 00 90 1102 20 10 1102 20 90 1102 90 10 1102 90 90
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Cruthúnas trádála	Tá. 25 thona
Urrús le haghaidh ceadúnas allmhairiúcháin	EUR 30 in aghaidh 1 000 kg
Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	Is i Roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; an bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil
Tréimhse bailíochta ceadúnais	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo

Inaistritheacht ceadúnais	Tá
Cainníocht tagartha	Níl
Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI	Níl
Coinníollacha sonracha	Níl”

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4600, cuirtear na rónna seo a leanas in ionad na rónna “Tuairisc ar an táirge”, “Cainníocht ina cileagraim” agus “Cóid AC”:

“**Tuairisc ar an táirge**	Bainne agus bainne comhdhlúite

Cainníocht ina cileagraim	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 15 000 000 kg arna roinnt mar a leanas: 7 500 000 kg le haghaidh na fothréimhse 1 Eanáir go 30 Meitheamh 7 500 000 kg le haghaidh na fothréimhse 1 Iúil go 31 Nollaig

Cóid AC	0401 10 0401 20 0401 40 0401 50 0402 91 0402 99”

(b) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4601, cuirtear na rónna seo a leanas in ionad na rónna “Tuairisc ar an táirge”, “Cainníocht ina cileagraim” agus “Cóid AC”:

“**Tuairisc ar an táirge**	Bainne bearrtha agus uachtar, i bhfoirm púdair, gráinníní nó i bhfoirmeacha soladacha eile

Cainníocht ina cileagraim	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 15 400 000 kg arna roinnt mar a leanas: 7 700 000 kg le haghaidh na fothréimhse 1 Eanáir go 30 Meitheamh 7 700 000 kg le haghaidh na fothréimhse 1 Iúil go 31 Nollaig

Cóid AC	0402 10”

(c) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4602, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “Cainníocht ina cileagraim”:

“**Cainníocht ina cileagraim**	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 7 000 000 kg arna roinnt mar a leanas: 3 500 000 kg le haghaidh na fothréimhse 1 Eanáir go 30 Meitheamh 3 500 000 kg le haghaidh na fothréimhse 1 Iúil go 31 Nollaig”

(4) Leasaítear Iarscríbhinn XI mar a leanas:

(a) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4275, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Cainníocht ina cileagraim":

"**Cainníocht ina cileagraim**	Cainníocht ina kg arna shloinneadh i gcoibhéis na huibhe sa bhlaosc (fachtóirí coinbhéartachta de réir na rátaí toraidh a shocraítear in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo) arna roinnt i gceithre fhothréimhse taraifchuótaí le 25 % le haghaidh gach fothréimhse taraifchuótaí: Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 9 000 000 kg"

(b) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4276, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Cainníocht ina cileagraim":

"**Cainníocht ina cileagraim**	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 9 000 000 kg (arna shloinneadh i nglanmheáchan) arna roinnt mar a leanas: 25 % le haghaidh na fothréimhse 1 Eanáir go 31 Márta 25 % le haghaidh na fothréimhse 1 Aibreán go 30 Meitheamh 25 % le haghaidh na fothréimhse 1 Iúil go 30 Meán Fómhair 25 % le haghaidh na fothréimhse 1 Deireadh Fómhair go 31 Nollaig"

(5) Leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(a) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4273, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Cainníocht ina cileagraim":

"**Cainníocht ina cileagraim**	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 93 350 000 kg, arna roinnt mar a leanas: 25 % le haghaidh gach fothréimhse"

(b) Sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4274, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Cainníocht ina cileagraim":

"**Cainníocht ina cileagraim**	Tréimhse taraifchuótaí ó 2026 ar aghaidh: 26 650 000 kg (glanmheáchan) arna roinnt mar a leanas: 25 % le haghaidh gach fothréimhse"